# Líon na Bearnaí

## Sraith 3: Bua ag Cór na Scoile

**Pictiúr 1** :

Chuir _______ Choláiste Phádraig isteach ar Chomórtas Cór na Scoileanna RTÉ. Tháinig foireann RTÉ go dtí an scoil ar an 15ú Meán Fomhair agus rinne siad ___________ar an gcór ag 6.30 pm. Shocraigh siad ceithre cinn de mhícreafóin timpeall ar an gcór. Cór seacht nduine dhéag ab ea é agus bhí idir bhuachaillí agus chailíní ann. Bhí gach duine acu _______________ in éide na scoile. Chan na daltaí go léir ar a seacht ndícheall.

**Pictiúr 2:**

Ghlaoigh _______________ an Chomórtais ar Phríomhoide Choláiste Phádraig. Bhí dea-scéala aici dó. D'éirigh leis an gcór dul ar aghaidh go dtí comórtas na Craoibhe i nDoire. Bean óg shuairc í an láithreoir, gruaig dhubh chatach uirthi, muince bhrád á caitheamh aici. Bhí áthas ar an bPríomhoide an ____________ a chloisteáil. Is léir sin ón aoibh gháire a bhí air. Fear meán-aosta ab ea an Príomhoide, é beagán maol ar a bhaithis, gruaig liath air.

**Pictiúr 3:**

Tháinig foireann RTÉ chuig an scoil chun _________ iomlán d'imeachtaí eile a thaifeadadh. Tuairisceoir agus ___________ a tháinig. I measc na n-imeachtaí a thóg siad bhí cluiche peile, díospóireacht agus ceoldráma

**Pictiúr 4:**

Ba ghearr go raibh ríméad ar dhaltaí Choláiste Phádraig iad féin a fheiceáil ar an teilifís. Baineadh geit as na __________ nuair a chonaic siad iad féin ag imirt ar an teilifís. Tamall ina dhiaidh sin arís bhí an cór agus a lucht ___________ ar an mbus go Doire.

**Pictiúr 5:**

Nuair a shroich an bus Doire scaoileadh na daltaí amach ag Halla na Mílaoise mar a raibh an comórtas ar siúl. Níorbh fhada gur glaodh ar chór Choláiste Phádraig. Suas leo ar an ___________. A múinteoir ceoil a bhí ina stiúrthóir acu. Chonaic siad triúr ___________ ar thaobh amháin den halla, ceamaradóir RTÉ ar an taobh eile, agus slua mór de lucht _______________ os a gcomhair. Thosaigh an cór ag canadh.

**Pictiúr 6:**

Ar deireadh labhair duine de na moltóirí agus d'fhógair sí torthaí an chomórtais. Bhí an ____________ faighte ag Coláiste Phádraig. Nuair a shroich an cór an scoil arís bhí an Príomhoide ansin le fáiltiú rompu agus lena mbua a thréaslú leo. Bhí halla na scoile _____________ le balúin agus le sraoilleáin brataí ioldaite chun an ócáid a cheiliúradh. Bhí sceitimíní ar na daltaí go léir tar éis dóibh _____________ na hÉireann a bhuachan sa Chomórtas.

# Líon na Bearnaí